



# GAELSCOIL CHNOC na RÉ

Baile Uí Dhúgáin (Ballydoogan) - Sligeach

Fón: 071-9174019

[www.cnocnare.net](http://www.cnocnare.net)

Uimhir Rolla: 20044 I

[scoil@cnocnare.net](mailto:scoil@cnocnare.net)

## Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnaithe Riosca

### Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Is bunscoil í **GAELSCOIL CHNOC NA RÉ** a sholáthraíonn oideachas bunscoile do dhaltáí ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta [cuir isteach ainm na scoile] an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

- 1 Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) na Roinne a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí
- 2 Is é **MÍCHEÁL Ó BROIN** an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)
- 3 Is í **LIZ NIC SEARRAIGH** an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA)
- 4 Is é/í **MÍCHEÁL Ó BROIN** an Duine Ábhartha
- 5 Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chúiseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus
- meas iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thuas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

- 6 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:
  - Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlíonann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) agus comhlíonann an

scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin gov.ie.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlíonann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciocláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh an RO agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie.
- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil-
  - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
  - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill foirne agus ar bhaill den Bhord
- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair inní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023) a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainathníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.
- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

**Nóta:** Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bainistíochta aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

- 7 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.
- 8 Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar, agus ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an **11/11/2024**.

**Síniú: BÓG**  
**BARTLEY Ó GABHÁIN**  
**Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta**

**Síniú: MÓB**  
**MÍCHEÁL Ó BROIN**  
**An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta**

**Dáta: 11/11/2024**

**Dáta: 11/11/2024**

## Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

### Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le [ainm na scoile]

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*, seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar **GHAELSCOIL CHNOC NA RÉ.**

#### 1. Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile

- Teacht agus imeacht na ndaltaí gach lá
- Sosanna áineasa do na daltaí
- Múineadh sa seomra ranga
- Múineadh duine-le-duine
- Comhairliú duine-le-duine
- Gníomhaíochtaí múinte amuigh fén spéir
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Turais scoile
- Úsáid ionad leithris
- Lá Spóirt
- Ócáidí tiomsaithe airgid a mbíonn daltaí gafa leo
- Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair na scoile do ghníomhaíochtaí scoile
- Socruithe don iompar scoile, úsáid coimhdírí bus san áireamh
- Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, dlúthchúram áit is gá
- Iompraíocht dhúshlánach i measc daltaí a bhainistiú, úsáid chúí srianta áit is gá
- Dáileadh Cógais
- Dáileadh Garchabhrach
- Soláthar curaclaim i leith OSPS, OCG, Bí Sábháilte
- Bulaíocht a chosc agus caitheamh leis an mbulaíocht i measc na ndaltaí
- Oiliúint na foirne scoile maidir le cúrsaí cosanta leanaí
- Úsáid foirne lasmuigh den scoil chun an curaclaim a fhorlónadh
- Úsáid foirne lasmuigh chun tacú le spóirt agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile
- Cúram daltaí a bhfuil soghontachtaí/riachtanais shainiúla acu de nós
  - Daltaí de bhunadh mionlach eitneach/imircigh
  - Baill den Lucht Siúil
  - Leanaí atá leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach
  - Daltaí a mheastar a bheith leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach
  - Daltaí a bhaineann le creidimh reiligiúnacha mionlaigh
  - Leanaí i gcúram
  - Leanaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí
- Earcú foirne scoile ar a n-áirítear -
  - Múinteoirí/CRSanna
  - Feighlí/Rúnaí/Glantóirí
  - Cóitseálaithe Spóirt
  - Teagascóirí Seachtracha /Aoi-Chainteoirí
  - Oibríthe deonacha /Tuismitheoirí i mbun gníomhaíochtaí scoile
  - Cuaiteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile
  - Cuaiteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil tar éis gníomhaíochtaí scoile
- Rannpháirtíocht ag daltaí i searmanais agus/nó teagasc reiligiúnach seachtrach ón scoil
- Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag na daltaí ar scoil
- Cur i bhfeidhm pionós faoi Chód Iompair na scoile coinneáil istigh daltaí, coigistiú fón etc san áireamh
- Mic léinn atá rannpháirteach in taithí oibre sa scoil
- Ábhar múinteora atá ag déanamh socraíochtaí oiliúna sa scoil
- Úsáid fiseán/fótagrafaíochta/meán eile chun ócáidí scoile a thaifead
- Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile tar éis uaireanta scoile
- Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile le linn an lae scoile

## 2. Shainaitin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí –

- An riosca díobhála gan bheith sonraithe ag an bhfoireann scoile
- An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile
- An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil
- An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhulaíocht ar an leanbh
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí ar scoil nach bhfuil leordhóthanach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chaidreamh/cumarsáidí míchuí idir an leanbh agus leanbh eile nó aosach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar linbh bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meán sóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh a bhfuil RSO orthu agus a bhfuil soghontachtaí ar leith orthu
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh agus dlúthchúram á fháil ag an leanbh
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar chód iompair nach bhfuil leordhóthanach
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn do mhúineadh duine-le-duine, comhairliú, cóitseáil bheith ar siúl
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag déanamh cumarsáide le daltaí go míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile
- An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag rochtain ar nó ag scaipeadh ábhair mhíchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile
- An riosca a bhaineann le COVID-19.

## 3. Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun dul aghaidh a thabhairt na rioscaí díobhála a shainaitnítear sa mheasúnacht seo –

- Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* de chuid na scoile ar fáil do phearsanra uile na scoile
- Cuirtear na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* ar fáil do phearsanra uile na scoile
- Ceanglaítear ar Phearsanra na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* a chomhlíonadh agus éilítear ar gach ball foirne cláraithe an *tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015* agus an tAguisín a ghabhann leis (2019) a chomhlíonadh
- Cuireann an scoil Clár Bí Sábháilte i bhfeidhm go hiomlán
- Cuireann an scoil an curaclam OSPS i bhfeidhm go hiomlán
- Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil a chloíonn go hiomlán le riachtanais *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* na Roinne
- Tá beartas maoirseachta ar an gelós nó ar an áit súgartha ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chuí ar leanaí le linn tionóil, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc.
- Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith éirí ón scoil

- Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil
- Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gcioclán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
- Tá cóid iompair ag an scoil d’fhoireann na scoile (idir teagaisc agus neamh-theagaisc)
- Cloíonn an scoil lena nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
- Tá beartas Riachtanas Speisialta Oideachais ag an scoil
- Tá beartas/plean dlúthchúram ag an scoil i leith daltaí a bhfuil cúram dá leithéid uathu
- Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an scoil do dháileadh cógais ar dhaltaí
- Tá na nithe seo a leanas déanta ag an scoil –
  - Tá cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball d’fhoireann na scoile
  - Cinntíonn an scoil go bhfuil cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí tugtha do gach ball nua d’fhoireann na scoile
  - Spreagtar lucht foirme chun leas a bhaint as oiliúint chúí
  - Spreagtar comhaltaí an bhoird bhainistíochta leas a bhaint as oiliúint chúí
  - Coimeádtar taifid de gach oiliúint a chuirtear ar an bhfoireann is ar bhaill an bhoird
- Tá beartas /nósanna imeachta ar bun ag an scoil do dháileadh na Garchabhrach
- Tá cóid iompair ag an scoil do dhaltaí
- Tá beartas TFC ar bun ag an scoil i leith úsáide na TFC ag daltaí
- Tá beartas fóin phóca ar bun ag an scoil i leith úsáide fón póca ag daltaí
- Tá Plean Bainistíochta Teagmhais Chriticiúil ar bun ag an scoil
- Tá Beartas Teagmhála Baile Scoile agus nósanna imeachta gaolmhara ar bun ag an scoil
- Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide daoine seachtracha chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh
- Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide cóitseálaithe spóirt
- Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith gníomhaíochtaí teagaisc duine-le-duine
- Tá beartas/nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith comhairlithe duine-le-duine
- Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith socrúchán d’ábhair múinteora
- Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith mac léinn atá ag tabhairt faoin taithí oibre sa scoil
- Tá Plean Freagartha COVID-19 ag an scoil.

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca “díobhála” mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d’Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéad is féidir.



# GAELSCOIL CHNOC na RÉ

Baile Uí Dhúgáin (Ballydoogan) - Sligeach

Fón: 071-9174019

[www.cnocnare.net](http://www.cnocnare.net)

Uimhir Rolla: 20044 I

[scoil@cnocnare.net](mailto:scoil@cnocnare.net)

## Child Safeguarding Statement and Risk Assessment

### Child Safeguarding Statement

GAELSCOIL CHNOC NA RÉ is a primary/special/post-primary school providing primary education to pupils from Junior Infants to Sixth Class.

In accordance with the requirements of the [Children First Act 2015](#), [Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children 2017](#), [the Addendum to Children First \(2019\)](#), the [Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools \(revised 2023\)](#) and [Tusla Guidance on the preparation of Child Safeguarding Statements](#), the Board of Management of Gaelscoil Chnoc na Ré has agreed the Child Safeguarding Statement set out in this document.

- 1 The Board of Management has adopted and will implement fully and without modification the Department's *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023)* as part of this overall Child Safeguarding Statement
- 2 The Designated Liaison Person (DLP) is **MÍCHEÁL Ó BROIN**
- 3 The Deputy Designated Liaison Person (Deputy DLP) is **LIZ NIC SEARRAIGH**
- 4 The Relevant Person is **MÍCHEÁL Ó BROIN**
- 5 The Board of Management recognises that child protection and welfare considerations permeate all aspects of school life and must be reflected in all of the school's policies, procedures, practices and activities. In its policies, procedures, practices and activities, the school will adhere to the following principles of best practice in child protection and welfare:

The school will:

- recognise that the protection and welfare of children is of paramount importance, regardless of all other considerations;
- fully comply with its statutory obligations under the Children First Act 2015 and other relevant legislation relating to the protection and welfare of children;
- fully co-operate with the relevant statutory authorities in relation to child protection and welfare matters;
- adopt safe practices to minimise the possibility of harm or accidents happening to children and protect workers from the necessity to take unnecessary risks that may leave themselves open to accusations of abuse or neglect;
- develop a practice of openness with parents and encourage parental involvement in the education of their children; and
- fully respect confidentiality requirements in dealing with child protection matters.

The school will also adhere to the above principles in relation to any adult pupil with a special vulnerability.

- 6 The following procedures/measures are in place:
  - In relation to any member of staff who is the subject of any investigation (howsoever described) in respect of any act, omission or circumstance in respect of a child attending the school, the school

adheres to the relevant procedures set out in Chapter 7 of the *Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools (revised 2023)* and to the relevant agreed disciplinary procedures for school staff which are published on the gov.ie website.

- In relation to the selection or recruitment of staff and their suitability to work with children, the school adheres to the statutory vetting requirements of the [National Vetting Bureau \(Children and Vulnerable Persons\) Acts 2012 to 2016](#) and to the wider duty of care guidance set out in relevant Garda vetting and recruitment circulars published by the Department of Education and available on the gov.ie website.
- In relation to the provision of information and, where necessary, instruction and training, to staff in respect of the identification of the occurrence of harm (as defined in the 2015 Act) the school-
  - Has provided each member of staff with a copy of the school's Child Safeguarding Statement
  - Ensures all new staff are provided with a copy of the school's Child Safeguarding Statement
  - Encourages staff to avail of relevant training
  - Encourages Board of Management members to avail of relevant training
  - The Board of Management maintains records of all staff and Board member training
- In relation to reporting of child protection concerns to Tusla, all school personnel are required to adhere to the procedures set out in the *Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools (revised 2023)*, including in the case of registered teachers, those in relation to mandated reporting under the Children First Act 2015.
- All registered teachers employed by the school are mandated persons under the Children First Act 2015.
- In accordance with the Children First Act 2015 and the Addendum to Children First (2019), the Board has carried out an assessment of any potential for harm to a child while attending the school or participating in school activities. A written assessment setting out the areas of risk identified and the school's procedures for managing those risks is included with the Child Safeguarding Statement.
- The various procedures referred to in this Statement can be accessed via the school's website, the gov.ie website or will be made available on request by the school.

**Note:** The above is not intended as an exhaustive list. Individual Boards of Management shall also include in this section such other procedures/measures that are of relevance to the school in question.

- 7 This statement has been published on the school's website and has been provided to all members of school personnel, the Parents' Association (if any) and the patron. It is readily accessible to parents and guardians on request. A copy of this Statement will be made available to Tusla and the Department if requested.
- 8 This Child Safeguarding Statement will be reviewed annually or as soon as practicable after there has been a material change in any matter to which this statement refers.

This Child Safeguarding Statement was reviewed and adopted by the Board of Management on **11/11/2024**.

**Síniú: BÓG**  
**BARTLEY Ó GABHÁIN**  
**Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta**

**Dáta: 11/11/2024**

**Síniú: MÓB**  
**MÍCHEÁL Ó BROIN**  
**An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta**

**Dáta: 11/11/2024**

## Child Safeguarding Risk Assessment

### Written Assessment of Risk of GAELSOIL CHNOC NA RÉ

In accordance with section 11 of the Children First Act 2015 and with the requirements of Chapter 8 of the *Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools (revised 2023)*, the following is the Written Risk Assessment of Gaelscoil Chnoc na Ré.

#### 1. List of school activities

- Daily arrival and dismissal of pupils
- Recreation breaks for pupils
- Classroom teaching
- One-to-one teaching
- One-to-one counselling
- Outdoor teaching activities
- Sporting Activities
- School outings
- Use of toilets
- Annual Sports Day
- Fundraising events involving pupils
- Use of off-site facilities for school activities
- School transport arrangements including use of bus escorts
- Care of children with special educational needs, including intimate care where needed,
- Management of challenging behaviour amongst pupils, including appropriate use of restraint where required
- Administration of Medicine
- Administration of First Aid
- Curricular provision in respect of SPHE, RSE, Stay Safe
- Prevention and dealing with bullying amongst pupils
- Training of school personnel in child protection matters
- Use of external personnel to supplement curriculum
- Use of external personnel to support sports and other extra-curricular activities
- Care of pupils with specific vulnerabilities/ needs such as
  - Pupils from ethnic minorities/migrants
  - Members of the Traveller community
  - Lesbian, gay, bisexual or transgender (LGBT) children
  - Pupils perceived to be LGBT
  - Pupils of minority religious faiths
  - Children in care
  - Children on CPNS
- Recruitment of school personnel including -
  - Teachers/SNA's
  - Caretaker/Secretary/Cleaners
  - Sports coaches
  - External Tutors/Guest Speakers
  - Volunteers/Parents in school activities
  - Visitors/contractors present in school during school hours
  - Visitors/contractors present during after school activities
- Participation by pupils in religious ceremonies/religious instruction external to the school
- Use of Information and Communication Technology by pupils in school
- Application of sanctions under the school's Code of Behaviour including detention of pupils, confiscation of phones etc.
- Students participating in work experience in the school
- Student teachers undertaking training placement in school



- Use of video/photography/other media to record school events
- After school use of school premises by other organisations
- Use of school premises by other organisation during school day

## 2. The school has identified the following risk of harm in respect of its activities –

- Risk of harm not being recognised by school personnel
- Risk of harm not being reported properly and promptly by school personnel
- Risk of child being harmed in the school by a member of school personnel
- Risk of child being harmed in the school by another child
- Risk of child being harmed in the school by volunteer or visitor to the school
- Risk of child being harmed by a member of school personnel, a member of staff of another organisation or other person while child participating in out of school activities e.g. school trip, swimming lessons
- Risk of harm due to bullying of child
- Risk of harm due to inadequate supervision of children in school
- Risk of harm due to inadequate supervision of children while attending out of school activities
- Risk of harm due to inappropriate relationship/communications between child and another child or adult
- Risk of harm due to children inappropriately accessing/using computers, social media, phones and other devices while at school
- Risk of harm to children with SEN who have particular vulnerabilities
- Risk of harm to child while a child is receiving intimate care
- Risk of harm due to inadequate code of behaviour
- Risk of harm in one-to-one teaching, counselling, coaching situation
- Risk of harm caused by member of school personnel communicating with pupils in appropriate manner via social media, texting, digital device or other manner
- Risk of harm caused by member of school personnel accessing/circulating inappropriate material via social media, texting, digital device or other manner
- Risk of harm posed by COVID-19.

## 3. The school has the following procedures in place to address the risks of harm identified in this assessment

- All school personnel are provided with a copy of the school's *Child Safeguarding Statement*
- The *Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools (revised 2023)* are made available to all school personnel
- School Personnel are required to adhere to the *Child Protection Procedures for Primary and Post Primary Schools (revised 2023)* and all registered teaching staff are required to adhere to the *Children First Act 2015* and it's Addendum (2019)
- The school implements in full the Stay Safe Programme
- The school implements in full the SPHE curriculum
- The school has an Anti-Bullying Policy which fully adheres to the requirements of the Department's *Anti-Bullying Procedures for Primary and Post-Primary Schools*
- The school has a yard/playground supervision policy to ensure appropriate supervision of

children during, assembly, dismissal and breaks and in respect of specific areas such as toilets, changing rooms etc.

- The school has in place a policy and clear procedures in respect of school outings
- The school has a Health and safety policy
- The school adheres to the requirements of the Garda vetting legislation and relevant DES circulars in relation to recruitment and Garda vetting
- The school has a codes of conduct for school personnel (teaching and non-teaching staff)
- The school complies with the agreed disciplinary procedures for teaching staff
- The school has a Special Educational Needs policy
- The school has an intimate care policy/plan in respect of students who require such care
- The school has in place a policy and procedures for the administration of medication to pupils
- The school –
  - Has provided each member of school staff with a copy of the school’s Child Safeguarding Statement
  - Ensures all new staff are provided with a copy of the school’s Child Safeguarding Statement
  - Encourages staff to avail of relevant training
  - Encourages board of management members to avail of relevant training
  - Maintains records of all staff and board member training
- The school has in place a policy and procedures for the administration of First Aid
- The school has in place a code of behaviour for pupils
- The school has in place an ICT policy in respect of usage of ICT by pupils
- The school has in place a mobile phone policy in respect of usage of mobile phones by pupils
- The school has in place a Critical Incident Management Plan
- The school has in place a policy and procedures for the use of external persons to supplement delivery of the curriculum
- The school has in place a policy and procedures for the use of external sports coaches
- The school has in place a policy and clear procedures for one-to-one teaching activities
- The school has in place a policy and procedures for one-to-one counselling
- The school has in place a policy and procedures in respect of student teacher placements
- The school has in place a policy and procedures in respect of students undertaking work experience in the school.
- The school has a COVID-19 Response Plan in place.

**Important Note:** It should be noted that risk in the context of this risk assessment is the risk of “harm” as defined in the Children First Act 2015 and not general health and safety risk. The definition of harm is set out in Chapter 4 of the *Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools (revised 2023)*

In undertaking this risk assessment, the board of management has endeavoured to identify as far as possible the risks of harm that are relevant to this school and to ensure that adequate procedures are in place to manage all risks identified. While it is not possible to foresee and remove all risk of harm, the school has in place the procedures listed in this risk assessment to manage and reduce risk to the greatest possible extent.